# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2019

# CEARTAS AMHÁIN




**Cyfiawnder yn Unig / Only Justice**

## 18-25 Mí Eanáir

www.ctbi.org.uk/weekofprayer

churches together IN BRITAIN AND IRELAND



Eaglais Chaitliceach Naomh Antaine Padova, Iáva Thoir

Tá sásamh aigne ormsa moladh ó chroí a thabhairt anois do na hábhair atá deartha don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2019.

Fuaireamar cuireadh anuraidh ár machnamh a dhéanamh ar an tionchar a imríonn tionscadal na Trádála Trasatlantaí Sclábhaithe fós ar shochaí Mhuir Chairib, ar aontacht na gCríostaithe agus ar a bhfinnéacht in éineacht. Meabhraítear i mbliana arís dúinn go bhfuil ceangal idir easaontacht a bheith le fáil i measc na gCríostaithe agus cineálacha eile leithcheala a bheith i réim, agus gur i gcomhthéacs na héagóra a ofrálaimid ár bpaidir chun aontachta i mbliana.

Amach as comhthéacs ina bhfaightear éagsúlacht mhór ó thaobh creidimh agus eitneachta a labhraíonn Eaglaisí na hIndinéise, agus is iadsan a chuireann an t-ábhar seo ar fáil. Áit is ea an Indinéis ina gcuirtear béim faoi leith ar an ngá a bhaineann le haontacht a aimsiú laistigh den éagsúlacht, í á bunú ar dhlúthpháirtíocht agus ar chomhoibriú. Ar an láimh eile arís de, tugann siad aghaidh ar cheisteanna a bhaineann leis an éagóir eacnamaíoch, agus ar an tslí inar féidir leis an raidiciú dúshlán an iolrachais reiligiúnaigh a thabhairt.

Fágann sé seo ar fad deis againne anois lenár machnamh a dhéanamh ar na slite ina mbímid ag guí ar son aontacht na gCríostaithe. Conas mar a chuireann scoilteanna na sochaí le scoilteanna a bheith san Eaglais féin? Conas mar a chuireann éagóir i gcomhthéacs na hÉireann agus na Breataine Móire le dúshláin a chruthú ó thaobh an saol a roinnt le daoine eile?

Faoi mar atá déanta i mblianta roimhe seo, tá meitheal scríbhneoirí CTBI tar éis ábhar machnaimh agus ceisteanna breise a chur ar fáil, agus tá súil agam go spreagfaidh a leithéid paidreacha agus machnamh níos doimhne i dteannta moltaí do ghníomhaíocht bhreise ó Chúnamh Críostaí.

***Bob Fyffe, Rúnaí Ginearálta, CTBI***

# Réamhrá le téama na bliana 2019

Bímid ag guí le haontacht na gCríostaithe laistigh de chomhthéacs domhanda ina mbíonn an chaimiléireacht, an tsaint agus an éagóir de shíor ag cur le deighilt agus le héagothroime a bheith ann. Bímid féin páirteach go minic san éagóir seo, ach iarrtar mar sin féin orainn teacht chun cinn mar fhinnéithe aontaithe an cheartais agus mar uirlis ag Críost a chneasfaidh cneácha an domhain scoilte seo.

Críostaithe na hIndinéise a d'ullmhaigh ábhair na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí sa bhliain seo 2019 – is í an Indinéis an tír is mó san Áis Thoir Theas, le 17,000 oileán ann, 1,340 grúpa eitneach éagsúil, agus os cionn 740 teanga áitiúil. Is í Bahasa na hIndinéise an teanga náisiúnta a thugann an tír éagsúil seo le chéile. Moslamaigh iad tuairim is 86% den 260 milliún daoine a dhéanann cónaí sa tír, agus is í da bhrí sin an tír leis an daonra Ioslamach is mó ar fad í. Le traidisúin éagsúla Chríostaí eile, le Búdachas agus le Hiondúchas a bhaineann timpeall 10% de na hIndinéisgh. Bunaíodh an náisiún dá bhrí sin ar chúig phrionsabal ar fad a dtugtar Pancasila orthu, agus is é an mana a bhaineann leis seo ná Bhineka Tunggal Ika (aontaithe san éagsúlacht). I gcomhthéacs seo an eitníochais, na teanga, agus an chreidimh, tá na hIndinéisigh tar éis a bheith ag maireachtáil de réir phrionsabal an gotong royong agus is féidir an frása áirithe sin a aistriú leis na focail "dlúthpháirtíocht agus comhoibriú". Is é atá i gceist leis seo ar fad ná go mbeadh cách i bpáirt i ngach gné den saol, agus go mbeadh muintir na hIndinéise uile ag féachaint ar a chéile mar a bheadh deartháireacha nó deirfiúracha ann.

Is féidir leis an tuiscint seo a bheith leochaileach go leor in amanna, agus cuirtear i mbaol í ar shlite éagsúla. Ní go rómhaith ar fad a oireann an gotong

Plódtithe Jakarta





Tírdhreacha áille i gcodarsnacht leis an tsraoilleáil uirbeach

royong don chur chuige nua-liobrálach ó thaobh na heacnamaíochta de, ach is é an cur chuige céanna a chuir le fás eacnamaíoch na hIndinéise – cuireann sé ina theannta sin leis an gcineál caimiléireachta a thruaillíonn polaitíocht agus gnó, agus dochar á dhéanamh dá réir sin ar an gcomhshaol go minic. Iadsan atá ceaptha an ceartas a chur chun cinn agus aicmí laga na sochaí a chosaint, is minic a theipeann ar fad orthu. Is é a bhíonn mar thoradh air seo ar fad ná go bhfuil go leor daoine bochta sa tír seo atá saibhir ó thaobh acmhainní de. Go deimhin, tá seanfhocal traidisiúnta san Indinéis a deir linn "go gcaillfí an luch istigh i mbothán lán ríse". Is é an cineál caidrimh a fhásann idir an saibhreas agus grúpaí eitneacha nó reiligiúnacha ar leith a chuireann le teannas a bheith ann chomh maith. Mar thoradh air seo, tá fás tagtha ar an gcineál raidicithe a chuireann pobal amháin in iomaíocht le pobal eile, agus is in olcas atá a leithéid ag dul leis an mí-úsáid a bhaintear as na meáin shóisialta chun drochbhuachaill a dhéanamh de phobail ar leith.

Is é an tslí ina dtéann Críostaithe i ngleic lena leithéid de scéal go minic ná aitheantas a thabhairt don fhreagracht atá againn féin as, agus machnamh a dhéanamh ar an bpaidir a rinne Íosa tráth inar ghuigh sé "go mbeadh cách mar aon", agus cabhróidh sé sin sa troid i gcoinne na héagothroime.

Chuaigh na ceisteanna seo i bhfeidhm ar Chríostaithe na hIndinéise, a fuair spreagadh ó "bíodh an chóir go beacht mar sprioc agat..." (féach Deot. 16:18-20) mar ráiteas a d'oir dá gcuid riachtanas agus dá ngátar féin. Déanann pobal Dé athnuachain ar a ndualgas ó thaobh an Chúnaint sula dtéann siad isteach sa tairngire. Faightear an sliocht seo mar chuid de chaibidil inarb é an téama

lárnach ná an spórt agus an scléip atá i ndán do phobal an Chúnaint. Is é a deirtear leis an bpobal tar éis na féile ná “déan lúcháir ar an bhféile seo, tú féin agus do mhac agus d’iníon, do shearbhóntaí fir agus mná, an Léivíteach, an deoraí, an dílleachta agus an bhaintreach a chónaíonn i do bhailte” (Deot. 16:14, féach chomh maith 16:11). Bíonn fonn ar Chríostaithe na hIndinéise atmaisféar dá leithéid a chruthú ina gcuid feilte féin, atmaisféar fáiltiúil a mbíodh taithí fadó cheana acu air. Tá sé seo ar fad préamhaithe sa cheartas, agus sin an fáth ar roghnaíomar sliocht a chur ar fáil anseo mar gheall ar bhreithiúna a cheapadh.

Deimhníonn Íosa féin é seo linn athuair nuair a deir sé linn go mbaineann Ríocht na Neimhe leo sin a bhfuil idir ocras agus thart chun fíréantachta orthu agus a fhulaingíonn géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht (féach Matha. 5:6, 10), agus iarrtar ar an eaglais le bheith ina réamhbhlaiseadh ar an saol seo. Ach is drochshampla iad na Críostaithe de shlí ghrámhar Dé de bharr iad a bheith easaontaithe. Faoi mar a chuir deighiltí leis an scoilt a rinne oiread díobhála do shochaí na hIndinéise, tá an éagothroime tar éis cur go mór le deighilt a bheith san eaglais. Mar sin, bíonn Críostaithe na hIndinéise ag caint faoin ngá a bhaineann le haithreachas a léiriú as an éagothroime a chruthaíonn an deighilt, ach creideann siad chomh maith i gcumhacht Chríost ó thaobh maithiúnas agus cneasú a thabhairt do dhaoine. Bíonn siad ag caint ar iad féin a aontú athuair faoi chrois Chríost, ag iarraidh go gcuirfeadh a ghrásta deireadh leis an éagothroime faoi mar a thabharfadh a thrócaire maithiúnas as an bpeacaíocht a tháinig ann de dheasca na deighilte.

Surabaya, ardchathair Java Thoir



# LÁ 1

## Amós 5:22-25
## Lúcas 11:37-44



### Ceann Tosaigh

Aithníonn Críostaithe na hIndinéise go bhfuil daoine ina measc a thugann faoina gcreideamh féin a chleachtadh, ach a chuireann daoine ó chúlraí creidimh eile faoi chois. Deir tairngreachtaí Amóis linn nach nglacfaidh Dia le hadhradh ó dhaoine a dhéanann faillí ar an gceartas a chothú ag an am céanna. Meabhraíonn Íosa mar chuid de Shoiscéal Lúcais gurb í an chomhartha is fearr ar Dhia a adhradh ná duine a dhéanann an ceart. Is minic Críostaithe an-dílis do phaidreacha agus d'adhradh, gan a bheith chomh buartha céanna ó thaobh na mbocht agus na ndaoine imeallaithe. Ach is giorra dá chéile agus do Dhia sinn nuair a oibrímid le chéile mar Chríostaithe ar cheisteanna a bhaineann leis an gceart.

### Machnamh

Suímid chun boird,
plátaí folmha, seachas cúpla grabhróg.

A sháith ite ag gach n-aon arís,
a leordhóthain faighte acu,
faoi láthair ach go háirithe.

Casaimid ar siúl na sconnaí,
líonaimid ár mbabhlaí,
agus bíonn súil againn go nífear
amach gach smál.

Titeann an t-uisce,
thar cupán agus thar pláta,
lorg na teagmhála daonna
á ghlanadh as radharc,
ar nós nár itheadh béile in aon
chor ann.

Ag cur agus ag cúiteamh,
go béasach teannasach,
ach dallamullóga againn á gcur orainn
féin – ní athróimid aon ní.

Go dúthrachtach a chruinnímid
le chéile,
ach cur i gcéill ar fad is ea é,
ag feitheamh anois atáimid
le go labhródh daoine eile,
agus ár lámha á ní againn?

# go rithe an fhíréantacht mar uisce (Amós 5:24)



## Paidir

A Dhia an uile dhuine,
léirigh tú dúinn bealach an cheartais.
Is tusa athair an dílleachta.
Is tú páirtí síoraí na baintrí.
Is tú cara an strainséara.
In aghaidheanna an uile dhuine
díobh, go mbuailimid leat,
agus go n-aithnímid gaoth
do Spioraid,
agus stiúraigh sinn i dtreo an ghá a
bhaineann le ceartas.
Go raibh tuiscint againn ar do
ghrásta agus ar do thrócaire,
idir cheartú agus chneasú á chur ar
fáil i d'ainmse.

## Ceisteanna

- Cén cur síos a dhéanfá ar an gceartas?
- An bhfuil an ceartas feicthe agat féin agus é faoi lán seoil?
- An ann don cheartas gan aontacht a bheith chomh maith ann?

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

'Níl sa charthanacht gan cheartas ach mar a bheadh sop in áit na scuaibe'.

Caith seal i mbun machnaimh ar na héachtaí éagsúla a baineadh amach le blianta móra agus le blianta beaga anuas - deireadh a chur leis an sclábhaíocht trasatlantach nó leis an cinedheighilt san Afraic Theas mar shampla. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan má bhíonn suim agat a thuilleadh a léamh faoin méid atá bainte amach sa bhfeachtas ar son cheartas na cánach.

Déan ceiliúradh ar an méid atá bainte amach agus déan socrú go mbuailfeadh do phobal le chéile chun plé a dhéanamh ar cad a d'fhéadfadh do chomhphobal a dhéanamh d'fhonn dul i ngleic leis na cineálacha éagora atá anois ann. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan má bhíonn smaointe ag teastáil ó thaobh an ghníomhaíochais chruthaithigh de.

# LÁ 2

## Eifeasaigh 4:22-25
## Matha 5:33-37

### Ceann Tosaigh

Is é atá i gceist leis an litir chuig na hEifeasaigh ná achainí ar na Críostaithe a bheith ag caitheamh go macánta freagrach lena chéile, le go bhfásfaimis go léir laistigh de phobal. Ní chuirtear aon fháilte roimh an gcaimiléireacht, mar go gcuireann a leithéid isteach ar chaidrimh idirphearsanta leis an tionchar go bhfulaingíonn an pobal ar fad sa deireadh. Iarrtar orainn mar sin saol macánta a bheith againn ina mbeimis ag cothú na fírinne. Caithfidh "is ea" a bheith i gceist lenár "is ea" agus caithfidh "ní hea" a bheith i gceist lenár "ní hea" – gan aon débhrí lenár gcaint ná cineálacha mímhacánta cur chuige a bheith ag roinnt linn. Cuireann mímhacántacht isteach ar aontacht na heaglaise, an rud go díreach a n-iarrtar orainn a bheith ag obair uirthi agus lenar cheart dúinn a bheith ag guí.

### Machnamh

Más mithid anois labhairt go fireannach le lucht na cumhachta, cé leis a labhróinn an fhírinne sin?
Cé hé an té go lorgóinn a cheartas,
Neadaithe istigh idir ionad m'fhíréantachta, agus fíréantacht an té a dtugtar an Eile air.
Más é "is ea, is ea" is ráite leis an gceartas dom, nach bhfágann sé sin gur liomsa é?
Nach cuma an liathábhar idir na foirmeacha treise?

Arsa Íosa: "Deirim go dána cosdaingean, gur 'is ea-is ea' atá i mo 'is ea', gur 'ní hea' atá i mo 'ní hea'.

'Tarraingeoidh mé sa gaineamh soiléireacht a shocraíonn agus a scagann idir eolas, fhírinne agus scéalta – déanfaidh mé an méid sin ar shlí a shoiléireoidh gach ní do cách".

'Lonnóidh mise go domhain san áit údaí sin laistíos, ina mbíonn eolas le fáil againn thar amhras an scátha, san áit sin thíos, ina luíonn fírinne, fíréantacht, ceartas agus síocháin.

'Cuirfidh mé i gcoinne bhréagchráifeacht na ndaoine a mheascann macántacht leis an mbréag, agus nuacht á thabhairt acu uirthi.

'Go mairimid agus go gcaithimid le crógacht an dea-nuacht'

## Paidir

a Dhia an cheartais,
fág agam an chiall leis an olc a
aithint ón maitheas.
Go stiúraí an mhacántacht mo chroí,
agus go raibh an fhírinne ar
mo bhéal.
Dathaigh go cróga mé faoi bhrat
na muiníne nuair a thiocfaidh
an t-amhras.
Cuir ionam mar shíol an cíocras
chun aontachta agus síochána,
agus tabharfaidh mé liom an dea-
nuacht do chách.
In ainm Íosa Críost a ghuím. Amen.

## Ceisteanna

- Conas mar a bhraitheann sé nuair a bhaineann daoine eile casadh as do chuid focal féin?
- Féach ar mhíreanna reatha nuachta ar líne nó sa nuachtán. An féidir leat claontaí áirithe nó an nuacht bhréagach a dhéanamh amach – cad iad na sainchomharthaí a bhaineann lena leithéid?
- Cad iad na slite ina gcuirimid scéal ár n-eaglaisí féin in oiriúint d’fhonn cuma níos fearr a chur orainn?

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Ní hí an fhírinne i ngach aon rud a léimid nó a fheicimid ar an nuacht. Is é ‘nuacht bhréagach’ an téarma cuimsitheach a thagraíonn do scéalta a chumtar d’aon turas agus do scéalta a mbaineann fírinne éigin leo ach nach ndéantar tuairisciú ceart orthu.

Eagraigh bricfeasta do na heaglaisí éagsúla sa cheantar agus bíodh nuachtáin á léamh i rith an bhricfeasta daoibh. Bígí ag plé na gceannlínte agus forbraígí na scileanna cuí chun tuiscint a fháil ar cad atá fíor san aois ‘iar-fhírinne’ seo. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan d’fhonn fáil amach cad iad na céimeanna is féidir a thógáil i dtreo an nuacht bhréagach a aithint i rith an bhricfeasta.

Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan le páirt a ghlacadh sna feachtais a chuireann i gcoinne an tuairiscithe dhiúltaigh bhagraigh a bhíonn le fáil sna meáin.

# LÁ 3

## Leabhar na Salm 145:8-13

## Matha 1:1-17

### Ceann Tosaigh

Laistigh de chomhthéacs suaithinseach éagsúlachta a mhaireann Críostaithe na hIndinéise. Náisiún is ea an Indinéis a áiríonn 17,000 oileán agus 1,340 grúpa eitneach éagsúil. Is minic scagadh déanta ar na heaglaisí ó thaobh eitneachta de, agus is amhlaidh a dhéanann roinnt daoine damáiste d'aontacht na heaglaise de bharr an dearcaidh seo gur acu amháin an fhírinne ar fad. Tá siad ann freisin a dhíbrítear agus a bhrúitear amach go dtí an imeall. Meabhraíonn na sleachta scrioptúir i gcomhair an lae inniu áfach go sáraíonn grá Dé na teorannacha a bhaineann le heitneacht, le cultúr, le cine, agus le creideamh. Daoine briste a bhriseann Dia. Amuigh leo siúd a díbríodh a bhíonn Dia ina sheasamh. Tá cách in áireamh an tslánaithe ag Dia, agus ní fhágfar aon duine ar lár.

### Machnamh

Rugadh
grá
i mbaol – as m'aice, i mí-úsáid, ar
seachrán agus i bhfolach uaim.

Briseadh
gan fréasúra
an féin - as m'aice, i mí-úsáid, ar
seachrán agus i bhfolach uaim

Diúltaíodh
don áit
gan iarraidh - as m'aice, i mí-úsáid,
ar seachrán agus i bhfolach uaim

Fuarthas
tearmann
don ghrá – táim iomlán folláin ar fáil
san áireamh

Ceansaíodh
an féin
féinchosantach – táim iomlán folláin
ar fáil san áireamh

Áit
fháiltithe
inghlactha – táim iomlán folláin ar
fáil san áireamh

Grá
aitheanta
i bpéin – tugtha glactha fillte
de rogha

Féin
cneasaithe

ina thús – tugtha glactha fillte
de rogha

Áit
iomlán
uaireanta – tugtha glactha fillte
de rogha

Dia
beirthe
briste
diúltaithe
Beatha – táim anois athnuaite
athdhéanta athuair san áireamh

## Ceisteanna

- Cad iad na háiteanna ina gcuirtear grásta agus trócaire Dé i bhfeidhm dar leat?
- Cé hiad na daoine atá ar imeall bhur bpobal?
- Cad is féidir linn a dhéanamh chun suim a spreagadh sna daoine atá i bhfad as líon Dé?

## Paidir

a Dhia na daonnachta uile,
rugadh do Mhac isteach i nginealas fada fear agus ban,
gnách agus neamhghnách,
cuid díobh, cuimhnítear orthu de bharr a ngníomhartha móra,
cuid eile díobh de dheasca a bpeacaí.
Tabhair dúinn croí oscailte a roinnfidh gan teorainn do ghrá,
a chumhdóidh an uile dhuine a fhulaingíonn leithcheal.
Cabhraigh linn a bheith ag fás thar réamhchlaontaí agus éagóir.
Bronn orainn an grásta le meas a léiriú ar uathúlacht an uile dhuine,
agus blaisfimid aontacht san éagsúlacht.
Deirimid an phaidir seo i d'ainm naofa. Amen

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Taobhaíonn Dia leo siúd is mó a ndéantar imeallú orthu. Oibrígí amach cén bealach is fearr le nasc a chruthú leis na daoine is mó a ndéantar imeallú orthu inár sochaithe. Déan teagmháil le heagraíochtaí áitiúla a bhíonn ag obair le tacaíocht a chur ar fáil don lucht iarrtha tearmainn a bhíonn ar an anás ar fad. Féadfaidh tú fiosrú a dhéanamh leo sin conas is fearr a bheith ag cabhrú lena leithéid. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan chun a thuilleadh a fháil amach faoi seo.

Cinntigh go dtabharfar cothrom na Féinne do dhaoine a ruaigtear amach as a dtailte dúchais, ach nach dtagann a gcás faoi choimirce na rún a rith na Náisiúin Aontaithe maidir le cearta na dteifeach. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan lena thuilleadh a fháil amach.

## Dátaí

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mórmhór, ar dáta tábhachtach é d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dataí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

## Ordú Seirbhíse

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimhpléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh bhur gcuid féin a dhéanamh díbh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil do Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

## Falla na hAontachta Críostai

Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar "fhalla" na haontachta Críostaí de chuid www.weekofprayer.org trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiscint go huathoibríoch (tar éis cúpla nóiméad nó mar sin).

## Creidiúintí grianghrafadóireachta

Riail an ghrúine: bunaithe ar bhrat de chuid Freestock.ca/Nicolas Raymond
lth1/36/machnamh: bunaithe ar bhrat na hIndinéise faoi mar a dhear Freestock.ca/Nicolas Raymond é
lth1/13: Flickr /Argo Negoro
lth3: Flickr /Abraham Arthemius
lth27: Flickr / Mararie
lth29: Flickr / Lavinia Elysia
lth31: Flickr / Everyone Sinks Starco
lth33: Flickr / Budi Nusyirwan

## An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2019

### GNÍOMH ÉACÚIMÉINEACH AN ADHARTHA

# Ordú Seirbhíse

## Bíodh an chóir go beacht mar sprioc agat

**(Deotranaimí 16:18-20)**



Grianghraf: Flickr /Argo Negoro

© Cóipcheart: Churches Together in Britain and Ireland

## Cuireadh chun adhartha

Ceannaire Adhraimis an Dia Trí-Aonta.
A Dhia, ár nAthair, leag tú do thrócaire agus do cheartas mar choróin anuas ar do chruthú.

**Pobal chruinníomar anseo chun tú a adhradh.**

Ceannaire A Íosa Críost, beatha úr agus ceartas a thagann le do chrois chugainn.

**Pobal chruinníomar anseo chun tú a adhradh.**

Ceannaire A Spiorad Naomh, spreagann tú ár gcroí chun an ghnímh chóir.

**Pobal chruinníomar anseo chun tú a adhradh.**

Ceannaire Go raibh libh grásta an Tiarna Íosa Críost, grá Dé, agus comaoin an Spioraid Naomh.

**Pobal Agus leat féin.**

### Iomann an mholta agus daoine ag teacht isteach *(roghnófar ceann áitiúil)*

## Na chéad fhocail

Ceannaire Críostaithe sinne ó eaglaisí difriúla, agus is anseo a chruinnímid chun a bheith ag guí le haontacht a bheith eadrainn. I bpáirt le heaglaisí na hIndinéise a ghuífimid i mbliana, agus is é an téama a roghnaigh siad sin ná "bíodh an chóir go beacht mar sprioc agat".

### Paidir an aithreachais

Ceannaire A dheirfiúracha agus a dheartháireacha, mo ghrá sibh go mór,

ní mór dúinn anois ár bpeacaí a admháil do Dhia. Maithiúnas a lorgaímid anois.

Léitheoir 1 A Dhia na hatrua,

D’ith Íosa le díbeartaigh agus le peacaithe. Admhaímidne go gcaithimid níos fearr le daoine a bhfuil stádas níos airde sóisialta acu, agus gurb í an chluas bhodhar a thugaimid ansin do strainséirí, do dhaoine bochta - is é sin le rá, do dhaoine sa tsochaí nach mbaineann aon ghustal leo, agus go mbíonn eagla orainn taobhú leo sin a ndéantar cos ar bolg orthu.

A Thiarna, déan trócaire orainn.

**Pobal** **A Thiarna, déan trócaire orainn.**
(Féadfar an freagra seo a chanadh.)

Léitheoir 2 a Dhia an cheartais,

Iarrann tú orainn, agus ar eaglaisí i ngach áit, leis an ceart a dhéanamh. Admhaímid go mbainimid mí-úsáid as cumhacht agus as acmhainní na n-eaglaisí. Cuireann a leithéid daoine áirithe ó dhoras.

A Thiarna, déan trócaire.

Léitheoir 3 A Dhia an ghrá,

Ba é an dúshlán a thug Íosa dúinn ná a bheith ag léiriú grá dá chéile. Admhaímid gur mar iomaitheoirí a fhéachaimid ar eaglaisí eile, agus nach dtugaimid cothrom na Féinne do dhaoine a mbeadh tuairim éigin acu seachas ár dtuairim féin.

A Thiarna, déan trócaire.

**Pobal** **A Thiarna, déan trócaire.**

Léitheoir 4 a Dhia a ghrásta,

| | |
|---|---|
| | Iarrann tú orainn grá a thaispeáint ar chách gan leithcheal a dhéanamh ar aon duine. Admhaímid go léirímid dímheas ar ár gcomharsana, go scaipimid béadchaint agus bréaga, agus go mbímid páirteach i scriosadh na síthe sóisialta. |
| | A Thiarna, déan trócaire. |
| **Pobal** | **A Thiarna, déan trócaire.** |
| Ceannaire | **Go ndéana Dia uilechumhachtach grásta orainn, ár bpeacaí á maitheamh aige agus bealach na beatha síoraí á thaispeáint aige dúinn.** |
| **Pobal** | **Amen.** |

### Iomann/Amhrán

## Fógra bhriathar Dé

Lorgaímis briathar Dé sa Sean-Tiomna.

### An chéad sliocht: Deotranaimí 16:11-20

Seo é briathar an Tiarna.

**Buíochas le Dia.**

### Freagra: Leabhar na Salm: 82:1-8 *(á léamh nó á chanadh)*

Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh.

**Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh.**

Éiríonn Dia sa chomhthionól diaga
a thabhairt breithiúnais i lár na ndéithe.
"Cá fhad a thabharfaidh sibh breith go héagórach;

agus lé agaibh le cúis na n-éagráifeach?

**Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh.**

Cosnaígí an daibhir agus an dílleachta;
déanaigí ceart don dealbh agus don dearóil.
Fuasclaígí a bhfuil faoi ansmacht agus ainnise;
sabhálaigí ó láimh na n-éagráifeach iad."

**Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh.**

Bíonn siad ag útamáil gan tuiscint sa dorchacht;
agus fothaí na talún á mbogadh.

**Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh.**

Is é rud a dúirt mé: "Is déithe sibh;
clann an Té is Airde sibh uile.
Éagfaidh sibh, mar sin féin, ar nós daoine;
agus titfidh sibh mar a thitfeadh prionsa ar bith."
Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh;
óir is leat na ciníocha go léir!

**Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an talamh.**

Cloisimis anois an Soiscéal de réir Lúcais.
(féadfar aililiú áitiúil a chanadh más ann dá leithéid)

## Sliocht Soiscéil: Lúcas 4:14-21

Seo é Soiscéal Chríost

**Molaigí Críost, ár dTiarna**

(féadfar aililiú áitiúil a chanadh más ann dá leithéid)

## Seanmóir ar ár dtéama comónta ó thaobh an chóir a lorg

*féadfar "Ceann tosaigh" a aimsiú sna hacmhainní breise ag*
https://ctbi.org.uk/week-of-prayer-for-christian-unity-resources

## Tiomanta don Chóir, don Trócaire, agus don Aontacht

Ceannaire — Ghuigh Íosa Críost le haontacht a chuid deisceabal. Ba é an tabhartas a thug sé i rith a shaol ná ceartas don domhan seo uile.

Léitheoir 1 — Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp,
agus iarrtar orainn a bheith ag siúl go humhal agus an ceart á dhéanamh againn.
Scaoil lena uisce ina shruthán bléidreach.

**Pobal — A Spiorad Naomh, aontaigh sinn inár gcuid paidreacha.**

Léitheoir 2 — Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iarrtar orainn a bheith ag labhairt i gcoinne na héagóra.
Is é amháin is ráite daoibh: 'Is ea, is ea.' 'Ní hea, ní hea.'

**Pobal — A Spiorad Naomh, aontaigh sinn inár gcuid focal.**

Léitheoir 3 — Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iarrtar orainn chun grásta Dé agus a chuid trócaire a roinnt le cách.
Brisimis amach trí theorannacha eitneacha, reiligiúnacha agus cultúrtha.

**Pobal — A Spiorad Naomh, aontaigh sinn inár ndaonnacht.**

Léitheoir 4 — Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iartar orainn ár saol a choimeád saor ó ghrá don airgead, agus a bheith sásta lena bhfuil againn ina ionad.
Brisimis ciorcal na sainte, agus bíodh saol níos fusa againn.

**Pobal — A Spiorad Naomh, aontaigh sinn inár laigeachtaí.**

Léitheoir 5 Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iarrtar orainn an dea-scéal a thabhairt chomh fada leis na boicht.
Daoraimis an dúshaothrú agus na córais a thacaíonn leis.

**Pobal** **A Spiorad Naomh, aontaigh sinn sa bhfearg i leith na héagóra.**

Léitheoir 6 Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iarrtar orainn aire a thabhairt don chruthú uile.
Caomhnóimis an bheocht agus an áilleacht a bhaineann le gach dá ndearna Dia.

**Pobal** **A Spiorad Naomh, cneasaigh agus athchóirigh sinn.**

Léitheoir 7 Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iarrtar orainn a bheith ag léiriú measa ar dhínit gach aon duine.
Cabhraigh linn an leithcheal, an daorsmacht, agus an mhí-úsáid a aithint go soiléir.

**Pobal** **A Spiorad Naomh, oscail ár gcluasa do na gártha chun aontachta.**

Léitheoir 8 Is baill bheatha de chorp Chríost ár gcorp, agus iarrtar orainn dóchas a thabhairt do dhaoine eile.
Bímis inár salainn agus bímís inár solas.

**Pobal** **A Spiorad Naomh, aontaigh sinne atá ar thóir an cheartais.**

Táim díreach tar éis iarraidh ar an Spiorad Naomh cabhrú linn a bheith aontaithe inár gcuid gníomhartha. Is gearr anois go mbeidh aga againn machnamh a dhéanamh ar cén gheallúint is féidir linn a thabhairt ó thaobh an ceart a dhéanamh. Tugadh dhá chárta daoibh agus sibh ag déanamh bhur mbealaigh isteach san eaglais. Scríobh cén gheallúint is féidir leatsa a thabhairt orthu ar an dá chárta sin. Baileofar iad in dhá chiseán, ceann do gach dath.

Tabharfar ciseán amháin do Dhia, agus an dara ceann dár ngrúpa Churches Together (nó pé grúpa a d'eagraigh an tseirbhís seo) agus cabhróidh sé seo linn ár machnamh a dhéanamh ar conas a chuirfear ar chumas ár bpobal na geallúintí seo a chomhlíonadh.

Déanaigí bhur machnamh anois air. Cén chéim, dá laghad í, a chiorródh an bóthar chun ceartas Dé ar an domhan scoilte seo s'againne?

*(D'fhéadfadh cóir tosú ar amhrán aontachta nó amhrán ceartais a chanadh ag an bpointe seo, nó d'fhéadfadh baill an phobail tosú ar cheol a sheinnt agus a ngeallúintí á scríobh síos acu.)*

*(Nuair a bheidh an ceol nó an t-amhrán ag teacht chun deiridh, baileoidh na huiséirí na cártaí ar fad in dhá chiseán ar leith. Tabharfar ceann amháin do thoscaire de chuid an ghrúpa Churches Together, agus ceann eile arís, cuirfear é ag bun na croise.)*

## Ofráil

Ceannaire Céard a iarrann an Tiarna ort ach an ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú, agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé (Míocá 6:8)? Tá geallúint anois tugtha againne ó thaobh gníomhartha an cheartais a dhéanamh.

a Dhia an Ghrásta,
Tá idir aire agus atrua léirithe don chruthú agat. Is é do ghrá-sa a spreagann na geallúintí seo ó thaobh an ceart a dhéanamh trí buanghrá a chothú i measc daoine eile, beag beann ar a gcúlraí ó thaobh eitneachta, creidimh ná cultúir. Glac anois lenár n-ofrálacha, agus cabhraigh linn gníomhartha a dhéanamh amach astu a rachaidh chun leas aontacht na heaglaise. Trí do Mhac Íosa Críost agus sa Spiorad Naomh a mhairfidh go deo mar an t-aon Dia laistigh díot a iarraimid é seo.

**Pobal** **Amen.**

# Cré Nicé

Creidim in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach,
a rinne neamh agus talamh,
agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aon Tiarna amháin, Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas,
fíorDhia ó fhíorDhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair;
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe,
thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é,
i mbroinn na Maighdine Muire,
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcrois é freisin ar ár son faoi Phontias Píoláit;
d'fhulaing sé páis agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na scrioptúir;
chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir,
mar aon leis an Athair agus leis an Mac;

is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais naofa chaitliceach aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh agus le beatha an tsaoil atá le teacht.
Amen.

## Paidreacha an idirghuí

Ceannaire — Ardaímid le Dia ár bpaidir chomónta don eaglais agus don daonnacht go léir.

Léitheoir — Ó oileán, agus ó fharraige,
a adhraimid tú, a Dhia, a chruthaitheoir na beatha.
Ar shliabh agus istigh i ngleann,
a mholaimid tú, a Dhia, a Shlánaitheoir an domhain.
As teangacha an uile náisiúin,
a ghabhaimid buíochas leat, a Dhia, bhronn tú compord ar chorp agus ar anam.
Tagaimid os do chomhair le idir bhuairt agus dhóchas á iompar againn.
Inniu a iarraimid ort:

**Pobal** — **A Dhia, éist lenár bpaidir agus bronn orainn do ghrá.**

Léitheoir — Guímid leo siúd a mhaireann leis an éagóir.
Misnigh sinn i dtreo ár ngutha a thógaint, agus neartaigh ár ndóchas.
Guímid leo siúd a chuireann an éagóir ar aghaidh.
Go n-athraí do chineáltacht a gcroí, agus tiontaigh iad ina ngníomhaithe ar son na saoirse agus na síochána.
Guímid le gach institiúid agus le cách atá taobh le ceartas.
Déanaimis an ceart de réir do bhriathra.
Inniu a iarraimid ort:

**Pobal** **A Dhia, éist lenár bpaidir agus bronn orainn do cheartas.**

Léitheoir Guífimid le haontacht ghlé na hEaglaise.
Déanfaimid ceiliúradh ar éagsúlacht shaibhir do phobail.
Cuirtear iachall orainn paidir Íosa a chomhlíonadh,
go mbeimis mar aon,
ag obair i dtreo a bheith ag maireachtáil sa Ríocht.
Inniu a iarraimid ort:

**Pobal** **A Dhia, éist lenár bpaidir agus bronn orainn díograis chun na haontachta.**

Léitheoir Gabhaimid buíochas leat as an oiread dathanna agus cultúr a bheith ar domhan. Go n-aontaímis i do ghrá, in ainneoin ár ndifríochtaí,
spreag comhoibriú eadrainn i dtreo is go ndéanfaimis baile cóir síochánta do den domhan seo.
Inniu a iarraimid oraibh:

**Pobal** **A Dhia, éist lenár bpaidir agus bronn orainn do shíocháin.**

## Paidir an Tiarna

Ár nAthair ata ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an dtalamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc. Amen.

## Iomann/Amhrán

*(tógfar an ciseán os comhair na croise amach go dtí an doras)*

# Ag roinnt na síochána

*Tugann an ceannaire cuireadh don tionóil ar fad comhartha na síochána a dhéanamh.*

Ceannaire — Agus an tionól seo á fhágáil in bhur ndiaidh agaibh, tabharfar cuireadh daoibh cárta geallúna amháin a thabhairt libh ón gciseán. Tabharfar cuireadh paidir a rá ar son an té a rinne an gheallúint sin.

# Beannacht

Ceannaire — Go gcumhdaí Dia lena ghrá sibh,
agus go gcuire sé an chineáltacht ar sileadh uaibh.
Go n-adhna sé an misneach laistigh díobh,
agus go ndéana sé díobh gníomhaithe,
ar son an cheartais agus na síochána.
Go mbronna Dia oraibh umhlaíocht,
agus go bhfága sé agaibh an fhoighne le go mbeadh an
aontacht agaibh á cothú go deo.

**Pobal** — **Amen!**

*Tabhair cuireadh do dhaoine cárta a thógáil amach as an gciseán agus iad ag fágáil.*

Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfritotail scrioptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is de chaoinchead a úsaidtear iad. Gach ceart ar cosaint.

# Nóta Buíochas

## Scríbhneoirí CTBI WPCU 2019

Bíonn Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire (CTBI) ag obair i bpáirt le scríbhneoirí éagsúla ó na ceithre náisiún chun an t-ábhar seo a chur faoi bhur mbráid. Ta liosta déanta againn dár gcuid comhghleacaithe a chabhraigh linn an gaisce seo a chur i gcrích sa bhliain seo 2019:

An tUrramach Dr Adrian Burdon (Riarthóir), Maormhinistir Chuaird Shaw agus Royton Circuit, Manchain

Jenny Bond, Churches Together in England

An tUrramach Peter Colwel, Leas-Ard-Rúnaí, Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire

Ruth Harvey, Stiúrthóir Place for Hope, Ministir Eaglais na hAlban agus baill de chuid Chumann na gCara.

Doral Hayes, Leasoifigeach Forbartha, Association of Interchurch Families

Phillip Mellstrom, Oibrí Forbartha Adhartha, Eaglais na hAlban

Dr Sion Aled Owen, Seibhrísí Teanga Geirda

Denise Tapfumaneyi, Riarthóir Oifigeach, Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire

Wendy Young, Oifigeach acmhainní na heaglaise, Cúnamh Críostaí

# Eabhraigh 13:1-5
# Matha 6:25-34



Siopadóireacht Bali

## Ceann Tosaigh

Cé gur sholáthair maitheas Dé dóthain bia agus uisce úr ar fáil do chách, tá an-chuid daoine nach bhfuil teacht acu ar na nithe riachtanacha seo in aon chor. Caimiléireacht, éagóir, bochtaineacht agus ocras go minic is toradh leis an tsaint dhaonna. Is é teagasc Íosa ná nár cheart a bheith buartha mar gheall ar níos mó den mhaoin shaolta a chruinniú ná an méid atá de dhíth orainn. B'fhearr dúinn más ea a bheith níos dírithe ar Ríocht an chothromais agus ar réimeas ceartais Dé a fhógairt. Iarrtar ar Chríostaithe a bheith ag maireachtáil ar shlí a chuireann uiscí an cheartais ar rith.

## Machnamh

Scríobaim le chéile
grabhróga an iomaid,
dóthain is dócha le tabhairt do
na gealbhain?

Súim aníos,
dríodar mo chupáin,
dóthain is dócha le mo bhrón a bhá?

Fiafraím díom féin,
cathain is leor leordhóthain?

Fiafraíonn tú díom,
an bhfuil aon sóinseáil le
sparáilt agam,
agus tagann imní orm,
nach bhfuil in aon chor.

dóthain dea-chúise
dóthain dea-mhéine
dóthain bá
dóthain chomhbhá
dóthain dóthain daonnachta
dóthain fuinnimh
dóthain dúile
dóthain crógachta
chun na hathruithe is gá a chur
i bhfeidhm.

# Bigí sásta lena bhfuil agaibh (Eabhraigh 13:5)

## Paidir

a Dhia na séasúr,
bímís sásta,
pé acu fómhar torthúil
nó barraí ag teipeadh,
mar go dtuigimid gur leor
do ghrásta.
Cothaigh ionainn flaithiúlacht
spioraid,
an méid atá againn á roinnt,
leo sin nach bhfuil aon ní acu.
Fágtar againn mar bheannacht,
grá, grásta, bás, agus trócaire,
agus mar sprioc againn a bheith ag
siúl go humhal,
an ceart a dhéanamh againn,
ina ainm siúd a ghuímid.



Plódtithe Bogor

## Ceisteanna

- Roinn linn scéal ó thréimhse nach raibh do dhóthain agat – conas a bhraith tú?
- Cén rud is deacra le roinnt?
- Cén rud is deacra glacadh leis?

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Déan do mhachnamh ar na teachtaireachtaí fógraíochta a chuirtear chugat féin, agus na teachtaireachtaí a bhíonn le fáil ar bhusanna, ar chlár na bhfógraí, ar an teilifís, sna nuachtáin, agus ar líne. Déan do mhachnamh ar na teachtaireachtaí a shúimid isteach gach lá maidir le cad a bhíonn ag teastáil uainn.

Déan do mhachnamh ar d’fhéiniúlacht féin mar thomhaltóir, agus ar na céimeanna is féidir linn a thógáil mar dhaoine aonair agus mar chomhphobal eaglaisí i dtreo slite maireachtála níos simplí a tharraingt chugainn féin leis an sprioc simplí go mbeadh slí mhaireachtála ag daoine eile chomh maith.

Bíodh sé mar phlean agaibh mar chomhphobal eaglaisí bhur dturas féin a dhéanamh i rith an charghais - turas nach mbeadh siopadóireacht ná caiteachas i gceist leis. Cuimhnígí ina ionad sin ar ár mbeannachtaí a chomhaireamh agus a roinnt. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan lena thuilleadh a fháil amach.

# LÁ 5

## Amós 8:4-8
## Lúcas 4:16-21



### Ceann Tosaigh

Cháin Amós, fáidh, trádálaithe a chuireadh na dallamullóga ar na boicht agus a rinne dúshaothrú orthu. Cuimhneoidh Dia, a thaobhaíonn le híospartaigh na héagóra, ar an olc seo go deo. I saol seo an domhandaithe, tá imeallú, dúshaothrú agus éagóir á ndéanamh ar mhórán. Tá an bhearna idir lucht an tsaibhris agus na boicht ag méadú. Bronntar tábhacht ar leith ar chúinsí eacnamaíocha inár gcuid caidreamh, agus tá ceisteanna ceartais á gcur ar leataoibh níos mó. Iarrtar ar Chríostaithe dúshlán na ndearcthaí comónta a thabhairt, agus an ceartas a chur chun cinn.

### Machnamh

Creidfidh mé é nuair a fheicfidh mé é!  
Tá sé ar fad cloiste cheana agam!  
'Rachaidh cúrsaí i bhfeabhas as  
seo amach'  
'Dánaíocht an dóchais'  
Geallúintí athnuachana á dtabhairt!  
Dea-nuacht?  
Níl iontu seo ach nathanna cainte,  
nuair a fhanann na boicht  
i mbochtaineacht,  
drochíde á tabhairt do dhaoine  
leochaileacha, agus gan aon  
duine ag labhairt amach!  
An dóigh leatsa go bhféadfainnse  
léimt nó rince a dhéanamh,  
nuair is trom iad mo lámha agus  
cosa le teann geallúintí briste?  
Agus mar sin, bím ag stánadh ort,  
mar stánadh, sin uile a  
fhéadfaidh mé déanamh.

Ach  
más í an bhrí cheart a bhaineann  
le 'dea-nuacht',  
ná dúshlán na cumhachta a thabhairt,  
na boird a chasadh síos bóithre na  
cathrach móire,  
ag siúl agus ag caint agus ag ithe le  
daoine mar sinn féin,  
iad ag ciorrú an bhóthair go  
léir farainn,  
is ní imeoidh siad nuair a thagann an  
crú ar an tairne,  
ná nuair a éiríonn an fhulaingt  
ródheacair le seasamh,

bheadh sé seo ar fad ina rud nua gan
aon dabht.
Dea-nuacht á chomhlíonadh
go deimhin.
Dá dtarlódh, is dócha go
dtrustfainnse athuair.

## Ceisteanna

- Cá bhfuil cur i gcéill agus bréag-gheallúintí le feiceáil dar leat?
- Cé hiad na boicht agus cé hiad na boic mhóra i do phobalsa?
- Cad is féidir linne a dhéanamh chun dea-scéal an tSoiscéil a thabhairt chomh fada leis na boicht agus le lucht an rachmais araon?

## Paidir

Dia, a thugann chughainn dea-nuacht,
maith dúinn ár gcíocras chun
cumhachta,
agus saor sinn ó chathú daorsmachta.
Neadaigh ionainn an diongbháilteacht,
an dea-nuacht a thabhairt chun
fírinne ionainn féin agus i ndaoine
mórthimpeall orainn,
agus sinn ag roinnt mhisean do
mhic Íosa.
Bainfimid amach an tsaoirse ó
dhaorsmacht agus ó bhochtaineacht
a gheall tú dúinn,
Ina ainm siúd a ghuímid. Amen.

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Idir an 22 agus an 25 Eanáir gach bliain a thionólann an Fóram Eacnamaíoch Domhanda in Davos na hEilvéise, agus sin an uair go díreach go mbíonn an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí ar siúl ag go leor de na heaglaisí. Ócáid is ea é a leagann béim ar an easaontacht maille leis an éagothroime a bhíonn le fáil ar fud an domhain. Tá oiread de mhaoin an tsaoil ag 42 daoine aonair, mar shampla, agus atá ag an 50% is boichte ar domhan in éineacht (Oxfam 2018).

Cuirigí an tseachtain seo ar leataobh do thograí inar féidir linn a bheith ag obair le chéile i dtreo domhan a fhorbairt ina mbíonn aontacht idir na Críostaithe go léir agus ina mbeidh an cine daonna go léir faoi bhláth chomh maith.

Déan athnuachain ar an ngeallúint atá tugtha agat ó thaobh a bheith páirteach sa trádáil chóir eiticiúil.

Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan má theastaíonn a thuilleadh eolais uait.

# LÁ 6

## Irimia 10:12-16

## Marcas 16:14-15



### Ceann Tosaigh

Táimidne sa lá atá inniu ann ag tabhairt aghaidhe ar ghéarchéim thromchúiseach dhomhanda ó thaobh an chomhshaoil de. Meabhraíonn an sliocht ón Soiscéal de réir Mharcais dúinn gur iarr Íosa ar na deisceabail an dea-scéal a fhógairt don chruthú uile go gairid tar éis a aiséirithe. Níl aon chuid den chruthú lasmuigh de phlean Dé ó thaobh gach ní a athnuachain. Iarrtar ar na Críostaithe chun na cineálacha luachanna a chothú a thabharfaidh an cine daonna chun réitigh leis an gcuid eile den chruthú. Ní gníomhaíochas amháin a bhíonn ar siúl ag an té a dhéanann nascanna le daoine eile agus ár mbaile anseo ar domhan á chosaint againn, ach ina theannta sin bímid ag comhlíonadh ordú an Tiarna ó thaobh scaipeadh na dea-nuachta faoi ghrá cneasaitheach íocshláinteach Dé.

### Machnamh

Craobhscaoil an dea-scéal os
comhair an chruthaithe uile,
ná fógair do mo dhream beagsa
amháin é.

A Dhia a chruthaigh an domhan idir
chorp agus thabhartas.
Tá do chruthú anois ag geonaíl.
Cad atá déanta againn?
Truailliú ar muir is ar tír,
bás agus léirscrios,
teaghlaigh díbeartha.
Sinne ansin ag ligean ár scíth.

Tá do chruthú anois ag geonaíl.
Cad atá déanta againn?
Domhan atá millte,
ag córas atá scriosta,
córas agus taca aige
ó shaint, scrios, faillí, agus amaidí.
Mí-úsáid á baint as tabhartas Dé,
sinne ansin ag imeacht as líne.

Cá bhfuil guth Dé,
tonnta bréideacha cheartas Dé?
Is sinne freisin corp Dé,
ag smaoineamh lasmuigh dínn féin,
iarbhearta á n-aithint againn,
sinn ag faire amach do ghlór
an choinsiasa,
ag snámh in aghaidh easa.

Ag fiarthú a chéile cad is cirte dúinn
a dhéanamh anois?

# Tiarna na Slua is ainm dó (Irimia 10:16)



Aerthruailliú ar imeall Surabaya

## Paidir

A Dhia an ghrá,
amach ó dhé do bheatha a tháinig gach ní,
agus gabhaimid buíochas leat as an domhan seo
a léiríonn d'áilleacht, d'éagsúlacht, agus do ghlóire.
Fág againn anois an chiall talamh seo an domhain a shiúl go mín,
agus do dhea-nuacht a roinnt leis an gcruthú uile.
Amen.

## Ceisteanna

- Cad iad na cineálacha mí-úsáide a bhaintear dar leat as an gcumhacht dhaonna, agus a mbíonn scrios nó faillí mar thoradh uirthi?
- Cén fhianaise atá againn de cheartas Dé a bheith i réim sa domhan cruthaithe?
- Cad iad na slite inar féidir linne athruithe chun feabhais a chur i bhfeidhm?

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Cuirigí oraibh na héadaí teo, bíodh an cnagaire tae agaibh, agus tabhair faoi shiúlóid oidhreachta sa nádúr i gcomhluadar na n-eaglaisí eile sa cheantar. Samhlaígí é mar aistear le chéile ina mbeidh sibh ag déanamh athnuachana ar an gcaidreamh atá againn leis an nádúr a mbainimid go léir go dlúth leis. D'fhéadfadh sibh imeacht go páirc éigin más sa chathair daoibh, nó aon áit lasmuigh más faoin tuath atá sibh.

Bímis ag guí le domhan eile ina mbeimis ag comhoibriú leis an gcruthú seachas a bheith ag dul ina choinne. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan le bheith páirteach sa chéad chéim eile d'fheachtas an cheartais ó thaobh na haeráide de.

# LÁ 7

## 1 Samúéil 1:13-17
## Matha 15:21-28

### Ceann Tosaigh

Déantar imeallú ar mhná sa lá atá inniu ann agus laistigh dár gcultúr féin fós. Is minic ár n-eaglaisí féin i dtaobh le dearcthaí agus le gníomhartha a dhéanann beag is fiú de mhná mar shampla. Faighimid léargas ar an bhforéigean agus ar an éagóir a fhulaingíonn na mná gan ach sinn ag tosú ar thuiscint a fháil ar na ceisteanna seo. Gnéithe de shaol laethúil na mban fós mar shampla is ea nithe gránna mar an trácht daonna, dúshaothrú na mban agus na bpáistí, agus íde mhígheanasach. Is mar mhná táire a féachadh ar Hanná agus an Canánach mná i léamh scrioptúir an lae inniu. Ach sheas siad an fód, agus chuir Élí agus Íosa ar mhalairt tuairim iad, agus bhain a mbarrmhianta amach. Is mó bean eile nach bhfuil ábalta dul i ngleic le himeallú agus le dúshaothrú in aon chor. De réir mar a thagann Críostaithe le chéile tríd an staidéar a dhéanann siad ar na Scrioptúir, ag faire amach do ghuth Dé, tuigimid gur minic Dia ag caint trí mheán na ndaoine is mó a bhíonn ag fulaingt.

### Machnamh

*Hanná*

Ag gol go ciúin,
Ag guí ón gcroí i láthair an Tiarna,
cad chuige go gcuirfeadh Élí meisce
ina leith?
Ciúin, uasal, bhréagnaigh sí a cúiseoir,
Agus nár gealladh di féin mianta
a croí.

*An Canánach mná*

Gan ainm,
í fiáin, aduain, agus go mór ar son
a hinín,
thiontaigh sí masla ina bhuntáiste,
rinne moladh den diúltú, agus tráchtfar
uirthi ar feadh na gcéadta
ina dhiaidh.
Ó, is mór é do chreideamh, a bhean!

*Bean gan mhaith*

Gan taca, gan aithint, gan aitheantas,
cad chuige nach gcloisfear tú mo scéal?
Cad chuige nach gcreidfidh sibh cad é
atáthar a dhéanamh orainn?
Casadh na bpiast,
agus ag labhairt amach, #MeToo,
tsunami fianachta, an fód á sheasamh
le chéile againn,
sléibhte caite ar leataoibh.
Níl rud ar bith dodhéanta ag Dia.

## Ó, is mór é do chreideamh, a bhean (Matha 15:28)

### Paidir

A Dhia an ghrásta,
is tú foinse na dínite daonna.
Bhronn tú orainn do ghrásta agus do neart,
bhronn briathra béil ar Hanná, agus ó lár na ndeor amach,
thug sí dúshlán an tsagairt Élí, á thabhairt sin chun creidimh.
Bhronn tú orainn do ghrásta agus do neart,
misneach ar an gCanánach mná a dhiúltaigh don diúltú,
agus bheartaigh Íosa dá réir sin ar a hiníon a chneasú.
Táimid ag obair i dtreo eaglais a bhunú a thabharfaidh an daonnacht go léir chun aontachta,
agus bronn orainn dá bhrí sin an misneach le cur i gcoinne gach cineál foréigin ar mhná,
agus le ceiliúradh a dhéanamh ar na tabhartais a thugann
na mná sin chun na heaglaise.
Guímid leis an méid seo trí Íosa Críost, ár dTiarna,
ina bhfaigheann cách Amen.

### Ceisteanna

- Cad iad na tréithe a shamhlófá le duine a mbeadh creideamh mór aige? Cuimhnigh ar dhuine dá chineál a bhfuil aithne agat air.
- An cuimhin leat aon ócáid inar bhraith tú féin imeallaithe nó go raibh beag is fiú á dhéanamh díot?
- Cad is féidir linn a dhéanamh chun mná, páistí agus daoine eile atá ar imeall do phobail a mhisniú arís?

### Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan le fáil amach cén dul chun cinn atá á dhéanamh ag Side by Side – feachtas creidimh ar son cheartas na n-inscní.

Eagraigh imeacht áitiúil i gcomhair le heaglaisí an cheantair chun ceiliúradh a dhéanamh ar lá idirnáisiúnta na mban ar Aoine an 8 Márta. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan le teacht ar a thuilleadh smaointe agus acmhainní.

Bíodh éadaí dubha oraibh gach Déardaoin le bhur gcuid dlúthpháirtíochta a chur in iúl do mhná an domhain a bhíonn ag obair agus ag tnúth leis an lá a gcuirfear deireadh le foréigean i gcoinne na mban. Faigh amach a thuilleadh ag Téigh agus Déan.

# LÁ 8



## Leabhar na Salm 27:1-4

## Eoin 8:12-20

### Ceann Tosaigh

Le hocht lá anuas, tá eaglaisí na hIndinéise tar éis spreagadh a thabhairt dúinn ó thaobh ár machnamh a dhéanamh ar chásanna deacra ar fud an domhain. Tá ceisteanna ceartais ardaithe ag go leor díobh. Titeann roinnt den fhreagracht as na cásanna seo ar an Eaglais, agus tá dochar déanta ag an bhfreagracht sin dár n-aontacht agus dár bhfianacht. Tagann Críostaithe le chéile don phaidir chomónta, creideamh comónta á mhaoímh acu, agus guth Dé á lorg i dteannta a chéile acu. Cé go ngortaíonn an iliomad éagóir sinn, níor chaill fear an mhisnigh riamh é, agus cuirfimid anois chun gnímh. Is é an Tiarna ár solas agus ár slánú, é mar dhaingean dílis ár saoil. Ní baol dúinn.

### Machnamh

*Dóchas*

Maith dúinn go ndearnamar beag is
 fiú díot;
'Táim dóchasach' a deir siad cé nach
 dóchasach a gcroí,
'i ndóchas a mhairimid' gan a bheith i
 ndóchas go mairimid.

Léirigh dúinn cé tusa le fírinne:
suaithim saoráid fhiolún ár
 n-éadóchais,
agus tabhair dúinn an chrógacht
 d'fhulaingt a thógaint:
go míchéatach in aghaidh
 na gránach,
gan géilleadh go fóill don daorsmacht,
ag diúltú go dána go lomadh
 na deighilte.

Meall agus gríosaigh sinn le cros an
 choirpigh siúd a thógaint,
Ba é a phianpháis a d'fhág folamh
 an uaigh.



## Paidir

A Dhia ár ndóchais,
molaimis do charthanacht
atá grámhar,
cothaigh sinn nuair a bhímid ar tí
éirí as,
agus soilsigh mar sholas dúinn i lár
an dorchadais.
Athraigh ár saol i dtreo is go
dtabharfaimid misneach do
dhaoine eile.
Cabhraigh linn a bheith aontaithe
san éagsúlacht agus fianacht á
tabhairt do chomaoin againn,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh,
Aon Dia anois agus go deo. Amen.

## Ceisteanna

- Ar chuir Íosa ar do chumas a bheith ag tabhairt fianachta don cheart agus don chóir á dhéanamh, agus conas?
- Cén áit is mó i saol d'eaglaise nó i saol do ghrúpa eaglaise ina bhfuil tabhartas an dóchais ag teastáil?
- Cad é an dóchas is mó atá agat do do phobal?

## Téigh agus dean (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

Cothaigh dóchas trí bhur gcuid gníomhartha agus bhur gcuid paidreacha a roinnt ar an haischlib #wpcuwall ar an gcóras giolcaireachta, agus tabhair cuairt ar www.weekofprayer.org le fáil amach faoi thograí eile atá curtha i gcrích ag daoine eile.

Beidh na pacáistí a bhaineann le Seachtain an Chúnaimh Chríostaí 2019 ar leac an dorais ag muintir an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann an tseachtain seo. Bíodh sé de rún agaibh páirt a ghlacadh sa tseachtain ghuí eile seo a chuirfidh an aontacht Chríostaí ar shúile an tsaoil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon. Tabhair cuairt ar Téigh agus Déan lena thuilleadh a fháil amach.

# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2019



**Cóipeanna breise ar fáil ó:**
Norwich Books and Music
Orduithe ar line: 01603 785925
Facs: 01603 785915
orders@norwichbooksandmusic.co.uk
ar líne: https://chbookshop.hymnsam.co.uk/

www.ctbi.org.uk/weekofprayer
www.weekofprayer.org

Twitter: #wpcu2019
#wpcuwall


**Foilsitheoirí:**
**Churches Together in Britain and Ireland**
39 Eccleston Square,
London SW1V 1BX
info@ctbi.org.uk,
Fón: 0203 794 2288
Uimh. Charthanachta cláraithe. 1113299.
cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,
Uimh. Charthanachta cláraithe. 5661787